



13125/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0255(NLE)**

**AGRI 498
AGRIORG 100
OIV 8**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: An Chomhairle

Uimh. an doic. ón 12114/22 + ADD 1-2
gCoim.:

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le
glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag féachaint do rúin áirithe a
vótálfar orthu ag an 20ú Comhthionól Ginearálta den Eagraíocht
Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)

-Glacadh

1. An 5 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle ‘Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)’¹, in oirchill an 20ú Comhthionól Ginearálta a thionólfar an 4 Samhain 2022 i Meicsiceo.
2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 3 Deireadh Fómhair 2022, d’fhormheas an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an dréachtchinneadh ón gComhairle.
3. Dá bhrí sin, iarrann an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht ar an gComhairle, ag ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo:
 - an Cinneadh mar a leagtar amach in 13105/22 é, a ghlacadh mar mhír ‘A’;
 - a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go dtarchuirfear an Cinneadh chuig an bParlaimint.

¹ 12114/22.